LC VP

ÁBHAIR FIONTRAÍOCHTA

Beart Acmhainne do Mhúinteoirí

Gairmchlár na hArdteistiméireachta

ÁBHAIR FIONTRAÍOCHTA

Arna scríobh agus arna chur le chéile ag Buíon Gníomhaíochta LCVP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta a mhaoiníonn an LCVP le cabhair Chiste Sóisialta na hEorpa

Dréachtábhar Acmhainne LCVP

© Buíon Gníomhaíochta LCVP 1998

LC VP

An Clár

An Fhiontraíocht a Chur i Láthair .... lch.

Tréithe don Fhiontraíocht ..... lch.

Taithí Phearsanta ..... lch.

Lucht Fiontraíochta ..... lch.

An Fiontraí ..... lch.

Ar Aghaidh Leat .... le Gníomhaíochtaí Fiontraíochta ..... lch.

Ag Beartú don Fhiontraíocht - Plean Pearsanta ..... lch.

Iniúchadh Scileanna ..... lch.

Plean Fiontraíochta ..... lch.

Ag Giniúint Smaointe ..... lch.

Do Phlean Fiontraíochta a Dhréachtadh ..... lch.

Taighde Margaidh ..... lch.

D'Fhiontar a Bhunú - Céimeanna Tábhachtacha ..... lch.

LC VP

An
Fhiontraíocht
a Chur
i Láthair

LC VP

An Fhiontraíocht

An fhiontraíocht á cur i láthair

Cuspóir:

* Déan sainmhíniú chomh leathan agus is féidir ar an bhfiontraíocht.

* Féach na háiteanna timpeall orainn gur léir an fhiontraíocht.

Acmhainní:

* Bileog 1: An Fhiontraíocht is Léir.
* Bileog 2: An Fhiontraíocht á Sainmhíniú.
* Bileoga ó eagraíochtaí fiontraíochta.
  - Forbairt
  - Boird Fiontar Contae
  - Gréasáin Phobail
  - Gréasáin Leader
  - Teagasc
  - Nuachtáin Áitiúla
  - Bainc
  - Cuardach ar an Idirlíon
  - Leathanach Baile LCVP

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Tionscadal ranga chun béim a chur ar an bhfiontraíocht sa phobal áitiúil
  - Eagraíochtaí cúraim
  - Buíon na mBailte Slachtmhara
  - Tionscadail athnuachana
* An fhiontraíocht sa scoil a scrúdú
  - An tEolaí Óg
  - Gaisce spóirt
  - Clubanna agus cumainn
  - Iris na scoile

Tuigtear go forleathan an tábhacht a bhaineann leis an bhfiontraíocht agus luach na fiontraíochta pearsanta inár saol. Nuair a luaitear an fhiontraíocht, is minic a smaoiníonn mic léinn ar ghníomhaíocht na bhfiontraithe móra agus nach bhfeiceann siad tábhacht na fiontraíochta mar chultúr a fhearann ar gach gné dár saol.

Is cóir an fhiontraíocht a scrúdú agus a thuiscint i gcomhthéacs níos leithne: an

fhiontraíocht phearsanta, fiontraíocht na bhfiontraithe, fiontraíocht phobail. Is duine fiontraíoch é an fiontraí i gcónaí ach ní gá gur fiontraí é an duine fiontraíoch. Is féidir le mic léinn, oibrithe, gníomhaithe pobail, oibrithe deonacha, srl a gcuid oibre a mhaisiú agus rath a gcuid iarrachtaí féin a chur chun cinn trína bheith fiontraíoch ina saol.

Gníomhaíocht:

- Bíodh ‘machnamh os ard’ ag na mic léinn i dtaobh cad é go díreach é an fhiontraíocht agus bíodh mac léinn ag coimeád cuntais ar an bplé ar an gclár dubh nó ar fhlipchairt.
- Iarr ar an rang buíonta beaga a dhéanamh astu féin ... 3-4. Déanadh gach buíon a mhéid samplaí a liostáil in achar gearr ama den fhiontraíocht ag feidhmiú sa bhaile, ar scoil, san obair agus ag am fóillíochta. Úsáid Bileog 1.
- Toghann na buíonta daoine aonair chun tuairisciú ar ais don rang go léir. Déan taifead de na príomhphointí ar an gclár dubh nó ar fhlipchairt.
- Tabhair Bileog 2 do na mic léinn. Iarr orthu na ráitis is cuí, dar leo, ón liosta a tugadh dóibh a chur isteach sna bearnaí. Tá sampla amháin líonta isteach.
- Déan measúnú ar an bhfoghlaim trí na haidhmeanna a athrá agus a iarraidh ar na mic léinn tuarascáil neamhfhoirmeálta a scríobh faoina bhfuil foghlamtha acu.
- Comhdaigh an tuarascáil agus na taifid eile - na Bileoga, mar shampla - sa chomhad oibre.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

An Fhiontraíocht is Léir

Bileog 1

An Baile

An Scoil /
An Obair

Fóillíocht

Úsáid an bhileog seo chun do chuid smaointe a scríobh síos faoi na háiteanna ar léir an fhiontraíocht.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

An Fhiontraíocht á Sainmhíniú **Bileog 2**

Is Ionann a Bheith Fiontraíoch mar Dhuine:

- *mar mhac léinn*

nó

nó

Agus:

- *an leas is mó agus is féidir a bhaint as do chuid scileanna*
-
-

Is Ionann a Bheith Fiontraíoch mar Fhiontraí:

-

nó

nó

Agus:

-
-
-

Is Ionann a Bheith Fiontraíoch sa Phobal:

-

nó

nó

Agus:

-

•

•

Is Ionann a Bheith

Eagraíochtaí deonacha,

Tionscal na déantúsaíochta,
Mac léinn,
Fostaí,
Díolacháin (miondíol no mórdhíol)
Eagraíochtaí spóirt / clubannna,
Tionscail na seirbhíse,
Forbairt pobail,
Duine féinfhostaithe.

Fiontraíoch:
Agus:

An leas is fearr agus is féidir a bhaint as deiseanna pearsanta,
Deiseanna tráchtála a fheiscint agus a shaothrú,
Dul i bpriacal measta chun brabús a dhéanamh,
A bheith toilteanach cuidiú go sóisialta,
An leas is fearr agus is féidir a bhaint as do chuid scileanna,
A bheith ábalta cuspóirí réadúla a leagan amach,
Scileanna a úsáid i gcúrsaí gnó,
Deiseanna a shaothrú chun leas an phobail,
Scileanna a chur chun feidhme in obair shóisialta nó obair dheonach.

Scríobh isteach sna bearnaí na ráitis is cuí as gach liosta, dar leatsa.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

An Fhiontraíocht

Tréithe don fhiontraíocht

Cuspóir:

* Dréachtaigh liosta de thréithe agus de scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag duine fiontraíoch.

* Measúnaigh agus cuir in ord tosaíochta na tréithe agus na scileanna sin.

Acmhainní:

* Bileog 3: Duine fiontraíoch.
* Bileog 4: Tréithe don fhiontraíocht.
* Tuairiscí nuachtáin faoi dhaoine rathúla.
* Taifeadtaí clostéipe agus fístéipe d'agallaimh le daoine rathúla.
* Cuardach idirlín.
* Gaisce.

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Imir rólanna de raon tréithe a d'fhéadfadh duine fiontraíoch a léiriú.
* Dréachtaigh ceistneoir chun mic léinn eile a cheistiú faoin tuiscint atá acu faoin bhfiontraíocht.

Bíonn tréithe pearsanta áirithe ag daoine fiontraíocha a chuidíonn leo feidhmiú mar a dhéanann. Forbraíonn siad scileanna áirithe le cur leis na tréithe sin.

Beidh mic léinn ar an eolas faoi na tréithe agus na scileanna seo agus ba cheart go mbeidís ábalta a luach a thuiscint. Ba chóir go mbeidís ábalta iad féin a mheasúnú go hionraic agus go dearfach sa chomhthéacs sin.

Gníomhaíochtaí:

- Tabhair Bileog 3 do na mic léinn. Is cleachtadh cártroinnte é seo ina ndéanann na mic léinn machnamh ar na tréithe a mbeifeá ag súil leo ó dhuine fiontraíoch.
- Ag obair dóibh ina mbeirteanna, déanann gach mac léinn na cártaí a roinnt ina dtrí chuid - "aontaím ar fad", "ní aontaím in aon chor" agus "nílim cinnte".
- Úsáid plé iomlán sa rang chun an ghníomhaíocht a athbhreithniú agus a mheasúnú.

- Déan 'machnamh os ard' leis an rang go léir chun teacht ar liosta tréithe agus scileanna a bheadh ag duine fiontraíoch. Coimeádann mac léinn amháin cuntas ar chlár dubh nó ar

fhlipchairt.

- Tabhair amach Bileog 4 do na mic léinn. As na liostaí le chéile de thréithe agus scileanna ar an gclár dubh nó ar an bhflipchairt agus ar na Bileoga, déanadh na mic léinn liosta in ord fiúntais de na deich scil is tábhachtaí i gColún 1.
- Iarr ar an rang buíonta beaga a dhéanamh astu féin ... 4-6. Ag obair dóibh sna buíonta sin déanadh na mic léinn, tar éis plé, aontú ar liosta buíne de na deich gcinn de thréithe is tábhachtaí agus iad a liostáil i gColún 2.
- Ceapann na buíonta duine dá gcuid a thuairisceoidh ar ais don rang go léir chun a dtátail aontaithe a chur i láthair agus na smaointe atá laistiar díobh a mhíniú.
- Comhdaigh na taifid sa Chomhad Oibre e.g. tuarascáil neamhfhoirmeálta bunaithe ar na gníomhaíochtaí, ar a n-áirítear aon ábhar a bheidh curtha ar fáil ag na mic léinn - gearrthóga as na nuachtáin agus bileoga comhlánaithe mar shampla. Cás-staidéir shamplacha freisin a bhaineann le fiontraíocht e.g. as seanpháipéir scrúduithe.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

Duine Fiontraíoch **Bileog 3**

Duine Fiontraíoch Suim san airgead amháin acu	**Duine Fiontraíoch** Rugadh mar sin iad, níor éiríodar mar sin	**Duine Fiontraíoch** Teastaíonn uathu postanna a chruthú do dhaoine eile
Duine Fiontraíoch Tá nithe eile níos tábhachtaí le déanamh seachas a bheith ag cuimhneamh ar an timpeallacht	**Duine Fiontraíoch** Tá oideachas maith orthu	**Duine Fiontraíoch** Ní maith leo cinntí a ghlacadh
Duine Fiontraíoch Tá siad sásta dul sa tseans	**Duine Fiontraíoch** Bíonn a fhios acu cad é go díreach a theastaíonn uathu a dhéanamh	**Duine Fiontraíoch** Bíonn tuiscint mhaith acu ar dhaoine
Duine Fiontraíoch Ní mór dóibh cumarsáid mhaith a dhéanamh	**Duine Fiontraíoch** Is cuma leo faoi dhaoine eile	**Duine Fiontraíoch** Bíonn smaointe úrnua acu an t-am go léir

Úsáid siosúir chun cártaí aonair a dhéanamh astu seo.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

Duine Fiontraíoch

Bileog 3a



Aontaím ar fad



Nílim Cinnte



Ní Aontaím in Aon Chor

Nuair a bheidh Bileog 2 gearrtha in dhá chárta déag ar leithligh agat, cuir i dtrí scata iad agus cuir ar na cearnóga thuas iad.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

Tréithe don Fhiontraíocht **Bileog 4**

<u>Roinnt Tréithe de chuid Daoine Fiontraíocha</u>

- Féinmhuinín
- Bainistiú maith ar am
- Nuáil
- Cromtha go hiomlán ar a bhfuil le déanamh
- Tionscnamh
- Fís
- Is féidir brath orthu
- Ábalta plé le héiginnteacht
- Cuspóirí réadúla á leagan amach
- Ag cloí leis
- Ábalta dul i ngleic le díomá
- A fhios acu conas 'tá ag éirí leo
- Éisteacht
- Tiomantas
- Ionraiceas
- Tuigeann an t-ábhar nirt atá acu féin

<u>Le Déanamh Agatsa:</u>

- Ag obair leat féin, déan liosta in ord fiúntais de na deich gcinn de thréithe is tábhachtaí don fhiontra, dar leatsa. Déan tagairt don liosta tréithe ar an gclár dubh agus thuas nuair a bheidh tú ag cur do liosta le chéile. Taifead do chuid oibre i gColún 1 thíos.

- Ag obair duit sa bhuíon agaibhse, pléigh na tréithe atá roghnaithe agatsa agus an t-ord fiúntais leis na daoine eile. Aontaígí ar liosta comónta de na deich dtréith a bhfuil an bhuíon sásta leo. Breac an liosta sin isteach i gColun 2 thíos.

- Roghnaigh duine den bhuíon chun tuairisciú ar ais daoibh ar obair na buíne agus mínigh na cúiseanna a bhí le bhur gcuid roghanna.

Colún 1	**Colún 2**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

An Fhiontraíocht

An fhiontraíocht phearsanta

Cuspóir:

* An deis a thabhairt do mhic léinn an méid fiontraíochta a dhéanann siad ina saol féin a scrúdú.

* Ceistneoir féinmheasúnaithe a chomhlánú.

Acmhainní:

* Bileog 5: An bhFuil *Tusa* Fiontraíoch?
* Bileog 6: Ceistneoir Fiontraíochta.
* Féach "An Fhiontraíocht á Cur i Láthair" agus "Tréithe don Fhiontraíocht".

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Leag amach cinn oibre chun an fhiontraíocht phearsanta a thaispeáint sna nithe seo a leanas. Mar shampla:
  - Do C.V. a Scríobh.
  - D'anailís phearsanta SWOT a dhéanamh.
  - Plean staidéir don bhliain a dhéanamh amach.
  - Airgead breise póca a ghiniúint.

Rud bunúsach inár saol rathúil is ea an fhiontraíocht phearsanta a chleachtadh - ó thaobh staidéir, fóillíochta, fostaíochta nó féinfhostaíochta de.

Ba chóir do mhic léinn tuiscint a bheith acu i dtaobh conas an fhiontraíocht a léiriú ina saol agus ina gcuid oibre. Bíonn cuid mhaith mac léinn an-fhiontraíoch ina gcuid oibre scoile, daoine eile ina gcuid oibre saoire nó deireadh seachtaine. Léiríonn daoine eile an-fhiontraíocht in éalú ó údarás nó i seachaint oibre agus, cé go bhféadfaí an sprid fiontraíochta sin a úsáid ar bhealach níos dearfa, is cóir í a aithint mar fhiontraíocht - mar sin é go díreach atá ann.

Gníomhaíochtaí:

- Bíodh 'machnamh os ard' leis an rang go léir chun go dtaispeánfaidh siad chomh fiontraíoch 's a bhíonn siad ina saol féin. Coimeádadh mac léinn amháin cuntas ar an gclár dubh nó ar fhlipchairt. Cuirigí an baile, an scoil, an obair agus cúrsaí fóillíochta san áireamh.
- Tabhair Bileog 5 do na mic léinn "An bhFuil *Tusa* Fiontraíoch?". Ba cheart do na mic léinn am áirithe a chaitheamh ag machnamh ar na réimsí dá saol ina mbíonn siad fiontraíoch agus Bileog 5 a chomhlánú.
- Stiúraigh plé sa rang go léir chun na tuairimí ar an bhfiontraíocht phearsanta a athbhreithniú agus a mheasúnú.

- Tabhair amach Bileog 6 “Ceistneoir Fiontraíochta” do na mic léinn. Ba cheart dóibh an ceistneoir a chomhlánú agus ansin an bhileog scóir a úsáid chun a bhféinanailís a dhéanamh.
- Stiúraigh plé sa rang iomlán chun an cleachtadh seo a athbhreithniú agus chun an deis a thabhairt do mhic léinn é a phlé ó thaobh luacha, cothrom na féinne agus cruinnis de, srl.
- Comhdaigh na taifid sa Chomhad Oibre - bileoga comhlánaithe, plean staidéir don bhliain, C.V., srl.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

An bhFuil *Tusa* Fiontraíoch? **Bileog 5**

I gCúrsaí Spóirt Sa Bhaile Le Caitheamh Aimsire

Le Cairde Áiteanna a mbímse ag fiontraíocht Ag Staidéar

Ar Scoil Eile Obair Saoire

Bí ag machnamh ar na nithe a dhéanann tú atá fiontraíoch sna réimsí seo de do shaol. Déan nóta den tslí go mbraitheann tú fiontraíoch.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996

LC VP

Ceistneoir Fiontraíochta **Bileog 6**

An duine fiontraíoch tusa asat féin nó an gá duit do chuid scileanna fiontraíochta a fhorbairt tuilleadh? Más duine fiontraíoch tú, cé chomh fiontraíoch ’s atá tú?

Tá féinanailís i gceist leis an gceistneoir seo agus tá sé ceaptha tuairim éigin a thabhairt duit de scóip na scileanna fiontraíochta atá agat.

Freagair gach ceist chomh hionraic agus is féidir. Ná tabhair freagra toisc gur dóigh leat go bhfaighidh sé scór ard - níl an córas scórála chomh furasta agus a cheapann tú!!

Cuir ✓ leis an mbosca freagra is mó a oireann don chás agatsa.

1.	An maith leat a bheith ag obair leat féin gan mórán treorach ó dhaoine eile?	a. b. c.	Is maith De ghnáth Ní maith	❑ ❑ ❑
2.	An bhfuil tusa muiníneach go bhfaighidh tú torthaí maithe in aon rud a roghnaíonn tú a dhéanamh?	a. c. d.	Tá De ghnáth Uaireanta	❑ ❑ ❑
3.	An mbaineann frustrachas, dar leat, le bheith gan an tsaoirse gníomhú ar do chonlán féin?	a. b. c.	Baineann, go mór De ghnáth Ní mór an fhadhb í	❑ ❑ ❑
4.	Nuair a imíonn rud a bhfuil baint agatsa leis mícheart, an mbraitheann tusa freagrach?	a. b. c.	Braitheann Uaireanta Ní bhraitheann❑	❑ ❑
5.	Nuair a ghlacann tú páirt i rud, an dtosnaíonn tú ag moladh bealaí chun é a fheabhsú?	a. b. c.	Tosnaíonn Uaireanta Is annamh	❑ ❑ ❑
6.	An féidir leat oibriú go héifeachtach le daoine eile?	a. b. c.	De ghnáth Uaireanta Is annamh	❑ ❑ ❑
7.	An ar do thuairimí agus do thaithí féin a bhunaíonn tusa do chuid cinntí?	a. b. c.	Is ea Uaireanta Ní hea	❑ ❑ ❑
8.	An gcuireann tusa an iarracht chéanna isteach i ngach rud a bhíonn le déanamh agat?	a. b. c.	Cuireann De ghnáth Ní chuireann	❑ ❑ ❑

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996 le haitheantas do Choiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe.

LC VP

Ceistneoir Fiontraíochta **Bileog 6**

Cuir ✓ leis an mbosca freagra is mó a oireann don chás agatsa.

9. An bhfuil tusa sásta lena bhfuil bainte amach agatsa go dtí seo? aghaidh pé scéal é?

10. An bhfuil tú sásta leis an sort saoil atá anois agat?

11. An gcuireann tuairimí do chairde, do mhúinteoirí agus do mhuintire isteach nó amach ort?

12. An bhfuil fís shoiléir agatsa den méid is mian leat a bheith bainte amach agatsa i gceann trí bliana?

13. An gcreideann tusa gur féidir leat do thodhchaí a rialú agus a stiúrú?

14. An labhrann tusa amach fiú amháin nuair a thuigeann tú go bhféadfadh sé sin fadhbanna a chothú.

15. Nuair a theipeann ort nó nuair nach n-oibríonn rud amach duit, an féidir leat dearmad a dhéanamh air go furasta?

16. An mbraitheann tú go bhfuil do dhóthain faighte agat as an obair atá déanta agat?

17. An gcuireann coinníollacha deacra oibre isteach ar an slí go n-oibríonn tusa?

18. An bhfuil tacaíocht do mhuintire agus na daoine eile is gaire duit agat maidir leis an méid is mian leat a bhaint amach?

19. Nuair nach bhfuil tú cinnte den méid atá romhat, an leanann tú ar

a. Tá ❑
b. Sásta go leor ❑
c. Níl ❑

a. Tá ❑
b. Sásta go leor ❑
c. Níl ❑

a. Cuireann ❑
b. Uaireanta ❑
c. Ní chuireann ❑

a. Tá ❑
b. Soiléir go leor ❑
c. Níl ❑

a. Creideann ❑
b. Uaireanta ❑
c. Ní chreideann ❑

a. Labhrann ❑
b. Uaireanta ❑
c. Ní labhrann ❑

a. Is féidir ❑
b. Uaireanta ❑
c. Ní féidir ❑

a. Braitheann ❑
b. Uaireanta ❑
c. Ní bhraitheann ❑

a. Cuireann ❑
b. Uaireanta ❑
c. Ní chuireann ❑

a. Tá ❑
b. De ghnáth ❑
c. Níl ❑

a. Leanann ❑
b. Uaireanta ❑
c. Ní leanann ❑

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996 le haitheantas do Choiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe.

LC VP

Ceistneoir Fiontraíochta **Bileog 6**

<u>Ag Comhaireamh an Scóir</u>

An Cheist	a	b	c
1.	3	2	1
2.	3	2	1
3.	3	2	1
4.	3	2	1
5.	3	2	1
6.	3	2	1
7.	3	2	1
8.	1	2	3
9.	1	2	3
10.	1	2	3
11.	3	2	1
12.	3	2	1
13.	3	2	1
14.	1	2	3
15.	3	2	1
16.	1	2	3

17.	1	2	3
18.	3	2	1
19.	3	2	1

<u>Na Réimsí Scórála</u>

Os cionn 55 Dealraíonn sé go bhfuil a fhios agat cad is mian leat a dhéanamh agus go bhfuil an spreagadh agus an meon agat atá ag teastáil chun go n-éireodh leat i do shaol gairme. Tá na tréithe agat is dóichí a chuideodh leat an rath a bhaint amach i do ghnó féin fad 's go bhfuair tú an chomhairle cheart agus gur chuir tú plean cáiréiseach gnó le chéile.

50-55 Tá formhór na dtréithe agat a léiríonn daoine atá neamhspleách agus nach bhfuil ag brath ar dhaoine eile. Tá gach seans ann go n-éireoidh leat i do ghairm agus, leis an gcomhairle cheart agus an tacaíocht cheart, d'fhéadfadh go n-éireodh leatsa i do ghnó féin.

45-49 Is dócha go bhfuil an spreagadh is gá chun go n-éireodh leat i dtionscadail agat. Tá an chuma ar an saol nach bhfuil tiomantas agat i réimsí áirithe. B'fhéidir go bhfágfaidh ceangail atá ort ó thaobh do mhuintire de go mbeidh tú an-cháiréiseach i gcúrsaí gnó. Ar an láimh eile de, b'fhéidir nach bhfuil tú cromtha ar airgead a dhéanamh.

40-44 B'fhéidir gur mó a bheifeá oiriúnach do bheith ag obair do dhuine eile nó in eagraíocht mhór, b'fhéidir mar bhainisteoir. Más ag obair ar do chonlán féin atá sé beartaithe agat a bheith, ansin b'fhéidir gurb é an rogha is fearr a bheadh agat ná comhpháirtíocht le duine eile chun cur le do chuid scileanna.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996 le haitheantas do Choiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe.

LC VP

An Fhiontraíocht

Lucht Fiontraíochta

Cuspóir:

* Tuiscint cheart a fháil ar na cineálacha iomadúla fiontraíochta atá le feiceáil sa phobal áitiúil.

* Duine fiontraíoch a roghnú, a chur faoi agallamh agus cur síos a dhéanamh orthu.

Acmhainní:

* Bileog 7: Lucht Fiontraíochta.
* Lucht fála dámhachtainí mac léinn.
* Iardhaltaí.
* Crann ginealais.
* Nuachtáin áitiúla.
* Irisí scoile.
* Bord bainistíochta.
* Múinteoirí.

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Cuir cairt srutha ama le chéile de na daoine atá tar éis dul i bhfeidhm ar do shaol go dtí seo.
* Fiosraigh slata tomhais le haghaidh dámhachtainí éachta pearsanta
  - Gaisce
  - Duine na bliana
  - Mac léinn na bliana

Tá na pobail áitiúla againne lán de dhaoine a léiríonn fiontraíocht mhór ina saol. Uaireanta is lucht gnó iad, eagraithe pobail, baill agus oifigigh de chlubanna spóirt, cúntóirí díolacháin, oibrithe oifige, tuismitheoirí, mic léinn.

Tá sé tábhachtach go dtuigfidh mic léinn na bealaí difriúla a mbíonn daoine fiontraíoch ina saol agus a bheith ábalta daoine a aithint a léiríonn na tréithe sin sa tslí go gcaitheann siad a saol.

Gníomhaíocht:

- Eagraigh ‘machnamh os ard’ faoi dhaoine sa phobal áitiúil ar dóigh leis na mic léinn tréithe fiontraíocha a bheith acu. Spreag iad chun daoine a roghnú as cúlraí éagsúla a

bhfuil baint acu le réimsí difriúla.

Scríobhadh mac léinn amháin ar an gclár dubh nó ar fhlipchairt ainmneacha na ndaoine agus na cúiseanna a gceaptar daoine áirithe a bheith fiontraíoch.

- Iarr ar na mic léinn duine amháin a aithint as measc a muintire agus a gcairde ar dóigh leo iad a bheith tar éis fiontraíocht neamhghnách a léiriú san obair a dhéanann siad. D'fhéadfadh an duine sin a bheith ar dhuine de na daoine atá liostaithe ar an gclár dubh nó ar an bhflipchairt.
- Ba cheart do gach mac léinn ansin cur síos a dhéanamh ar an duine sin agus míniú a thabhairt ar fhiontraíocht an duine ina gcuid oibre nó ina gcuid fóillíochta.
- Féadfaidh na mic léinn Bileog 7 *"Lucht Fiontraíochta"* a úsáid mar threoir sa ghníomhaíocht seo.
- Is cóir cuir síos, le grianghrafanna nuair is féidir, a dhéanamh ar phróiseálaí focal agus tar éis é sin a chur i láthair don bhuíon ranga, iad a chomhdú sa Chomhad Oibre. Ar na nithe eile is cóir a chur sa Chomhad Oibre, tá cóipeanna de litreacha, clostéipeanna nó fístéipeanna d'agallamh, plean agallaimh, dialann imeachtaí, srl.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

Lucht Fiontraíochta **Bileog 7**

Le Déanamh Agatsa:

- Roghnaigh duine éigin a bhfuil aithne agat air/uirthi ar dóigh leatsa iad a bheith tar éis fiontraíocht a léiriú ina gcuid oibre, in obair dheonach nó ina rannpháirtíocht le clubanna nó i gcúrsaí spóirt.
- Téir i dteagmháil leis an duine, cuir agallamh orthu agus fiosraigh na slite go rabhadar fiontraíoch.
- Scríobh cur síos ar an duine agus úsáid na ceannteidil thíos mar threoir.

An Cur Síos:

1. Sonraí Pearsanta
Ainm agus Sloinne, seoladh, guthán.

2. Cén Fáth?
Abair cén fáth gur roghnaigh tú an duine seo le haghaidh cuir síos. Cad iad na tréithe pearsanta atá acu a chuidigh leo a gcuid aidhmeanna a bhaint amach?

3 A bhFuil Bainte Amach
Tabhair tuairisc ar a bhfuil bainte amach ag an té atá roghnaithe agatsa.

4. Oideachas
Cad é cúlra oideachais an duine? Cé chomh tábhachtach ’s a bhí an t-oideachas maidir leis an rath a bhí orthu? An raibh nithe eile níos tábhachtaí?

5. Cuspóirí
Cad iad pleananna, cuspóirí agus aislingí an duine don am atá le teacht?

6. Spéiseanna agus Caitheamh Aimsire
Conas a úsáideann siad a gcuid ama saoir? An bhfuil baint aige sin leis an rath atá orthu?

7. An Dearcadh atá Agatsa
Abair conas, dar leatsa, a léiríonn siad fiontraíocht ina gcuid oibre agus ina saol.

8. Eile
An bhfuil aon réimse eile de shaol an duine seo a bhfeiceann tusa tábhacht a bheith ag baint leis?

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

Fiontraíocht

An fiontraí

Cuspóir:

* Léargas a fháil ar thréithe pearsanta an fhiontraí.
* Tuiscint a fháil ar na nithe a spreagann an fiontraí.

Acmhainní:

* Bileog 8: An Fiontraí.
* Bileog 9: Tréithe an Fhiontraí.
* Sleamhnán Osteilgeora S1.
* Bearta "Start your own business" ó na bainc.
* Físteip agus paimfléad "Start Me Up" ó A.I.B.

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Tabhair cuireadh d'fhiontraí roghnaithe cuairt a thabhairt ar an mbuíon ranga.
* Scrúdaigh cás-staidéir agus cuir síos sna nuachtáin ar fhiontraithe rathúla.

Daoine is ea fiontraithe a bhfuil an cumas iontu deiseanna gnó a aithint agus a mheasúnú; na hacmhainní riachtanacha a bhailiú chun tairbhe a bhaint astu; agus an ghníomhaíocht chuí a dhéanamh agus dul sna priacail chuí chun a chinntiú go n-éireoidh leo.

Is daoine iad na fiontraithe a bhíonn dírithe ar ghníomhú agus a bhíonn an-spreagtha. Téann siad i bpriacal réamh-mheasta chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Gan fiontraithe a bheith sa gheilleagar, is beag forbairt ghnó ná cruthú saibhris a tharlódh. Is nuálaithe iad na fiontraithe a úsáideann acmhainní - lucht oibre, caipiteal, áitreabh, amhábhair, srl - le chéile chun fiontar rathúil gnó a chur ar bun.

Gníomhaíochtaí

1. * Úsáid Bileog 8 *"An Fiontraí"* agus iarr ar na mic léinn, ag obair ina n-aonar dóibh, liosta a dhéanamh amach de na tréithe a bheadh ag fiontraí. Déan liosta de roinnt de bhunghnéithe na dtréithe sin - conas a léirítear na tréithe sin in imthosca áirithe.
   - Bíodh machnamh os ard agat leis an rang go léir chun teacht ar liosta de na tréithe agus sainghnéithe a léireodh fiontraí. Coimeádadh mac léinn amháin cuntas ar an gclár dubh nó ar fhlipchairt.
   - Comhlánaigh Bileog 8 agus cuir isteach sa Chomhad Oibre í.

2. * Ag obair i d'aonar duit, liostaigh in ord fiúntais na tréithe tábhachtacha is cóir a bheith ag

fiontraí. Breac do liosta isteach i gColún 1 de Bhileog 9 *"Tréithe Fiontraí"*.

- Iarr ar an rang buíonta a dhéanamh - 4-6. Sna buíonta sin, bíodh plé agus comhaontú ann faoi liosta comónta buíne a bheith acu de na sé thréith is tábhachtaí in ord fiúntais agus breac isteach iad sin i gColún 2 de Bhileog 9. Is cóir do dhuine amháin sa bhuíon tuairisciú ar ais don rang go léir agus an cás a dhéanamh ar son an liosta atá roghnaithe ag an mbuíon. Cuir an bhileog sa Chomhad Oibre.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

Fiontraíocht

An fiontraí

Cuspóir:

* Tuiscint a fháil ar fhorleithead na fiontraíochta sa phobal.
* Raon gnólachtaí a aithint, de chineálacha éagsúla, atá ag feidhmiú sa phobal.
* Fiontraí a roghnú, a chur faoi agallamh agus cur síos a dhéanamh air/uirthi.

Acmhainní:

* Bileog 10: Cur Síos ar Fhiontraí.
* Eolaire de ghnólachtaí áitiúla.
* An Seomra Tráchtála.
* An Bord Fiontar Contae.
* Nuachtáin áitiúla.
* Na Leathanaigh Bhuí.
* Cuir síos nuachtáin ar dhaoine den lucht gnó a bhfuil éirithe leo.

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Cuairteanna ag mic léinn ar ghnólachtaí oiriúnacha a bheidh roghnaithe.
* Léarscáil a dhéanamh amach ar a léireofar ionaid agus cineálacha gnólachtaí sa cheantar áitiúil.

Gníomhaíochtaí

3. * Ag obair i d'aonar, iarr ar na mic léinn liosta de shé fhiontraí a chur le chéile a bhfuil aithne acu orthu nó a bhfuil eolas acu fúthu sa phobal. Ba cheart an gnólacht ina bhfuil an duine a liostáil freisin.
    - Bíodh 'machnamh os ard' leis an rang go léir chun teacht ar liosta cuimsitheach de na daoine sin agus a gcuid gnólachtaí agus iad a liostáil de réir cineáil.
    - Déanadh gach mac léinn cóip den liosta críochnaitheach a chur sa Chomhad Oibre.

4. * Iarr ar na mic léinn ag obair dóibh i mbuíonta de 3-4 fiontraí amháin as an liosta a roghnú lena rachaidh siad i dteagmháil, ar a gcuirfidh siad agallamh agus ar a ndéanfaidh siad cur síos. Úsáididís Bileog 10 *"Cur Síos ar Fhiontraí"* mar threoir don ghníomhaíocht sin.
    - Is cóir na cuir síos a dhéanamh ar leithligh óna chéile agus próiseálaí focal a úsáid agus ba chóir grianghrafanna, gearrthóga, bróisiúir, srl a bheith ann, de réir mar is

cuí. Is cóir litreacha ag lorg agallaimh, freagraí, litreacha buíochais agus fístéipeanna d'agallaimh, áitreabh, gníomhaíocht ghnó, srl a bheith ann.

- Míreanna tábhachtacha eile don Chomhad Oibre freisin is ea plean measta gníomhaíochta agus dialann imeachtaí.
- Nuair atá an ghníomhaíocht déanta, déanadh gach buíon cur i láthair don rang uile. Ba cheart go mbeadh an cur i láthair ina achoimre ar an gcur síos a bheidh déanta acu agus a bheith ina ábhar machnaimh faoina bhfuil foghlamtha ag an mbuíon le linn na gníomhaíochta.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

An Fiontraí **Bileog 8**

Saintréithe

Gníomhach Fiosrach Cruthaitheach Eagraíochta

Tréithe:



Déan iarracht na tréithe agus na saintréithe is dóigh leatsa ba chóir a bheith ag an bhfiontraí a liostáil sna spásanna thuas. Tá na chéad chinn comhlánaithe. Comhlánaigh na chéad chúig cinn eile. Fútsa atá sé an dá cheann deiridh a chomhlánú.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

Tréithe an Fhiontraí **Bileog 9**

Le Déanamh Agatsa:

* Ag obair i d'aonar, liostáil in ord fiúntais na sé thréith is tábhachtaí ba chóir a bheith ag fiontraí rathúil. Cuir do liosta i gColún 1 thíos.

* Ag obair sa bhuíon duit, pléigh na tréithe atá roghnaithe agat leis na daoine eile agus, trí dhíospóireacht agus caibidlíocht, aontaígí ar liosta comónta de shé thréith atá inghlactha ag cách. Cuir an liosta sin i gColún 2.

Colún 1	**Colún 2**
1	
2	
3	
4	
5	
6	

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

Cur Síos ar Fhiontraí **Bileog 10**

Le Déanamh Agatsa:

- Ag obair le do bhuíon, roghnaigh fiontraí a ndéanfaidh tú cur síos air/uirthi. Ní mór duine a roghnú a bheidh sásta comhoibriú, a mbeidh teacht agat air/uirthi go réasúnta, agus a bhfuil suim agat ina chuid/cuid fiontraíochta.

- Téir i dteagmháil leis an duine, cuir agallamh air/uirthi, déan iniúchadh air/uirthi agus ar an rath atá orthu.

- Úsáid na ceannlínte thíos mar threoir chun cur síos ar an duine.

An Cur Síos:

1. Sonraí Pearsanta
Ainm/Sloinne, seoladh, guthán.

2. An Fiontar
Déan cur síos ar an ngnó lena bhfuil baint ag an duine atá roghnaithe agat. Scrúdaigh an méid a dhéanann an gnó, conas agus cé dóibh. Féach ar na struchtúir eagraíochtúla, na fostaithe, a bhfuil beartaithe don am atá le teacht, srl.

3. Spreagadh
Faigh amach cén fáth agus conas a ghlac an duine páirt sa bhfiontar.

4. Fadhbanna
Déan cur síos ar na deacrachtaí a bhí ag an duine agus an fiontar á thosnu aige/aici agus na fadhbanna a bhaineann le seoladh laethúil an ghnó.

5. Tréithe
Cad iad na tréithe pearsanta atá ag teastáil chun go n-éireodh le duine sa réimse oibre seo.

6. Do Dhearcadh Féin
Abair conas a dhéanann an duine seo fiontraíocht a léiriú ina gcuid oibre agus ina saol, dar leatsa.

7. Eile
Aon fhaisnéis thábhachtach eile.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

An Fiontraí

Roinnt tréithe agus saintréithe

Saintréithe:	***Tréithe***
* Féinmhuiníneach	* Tá féin-íomhá dhearfach ag an duine seo, léiríonn siad neamhspleáchas agus indibhidiúlacht, is duine dearfach é/í.
* Gníomhdhírithe	* Tionscantach, buanseasmhach, tiomanta. Oibrí dian, tiomáint, fuinneamh.
* Téann sa tseans	* Is maith leis an duine seo dúshlán, déanann siad a gcuid pleananna go cáiréiseach, is maith leo cinnteoireacht, is féidir leo glacadh le teipeanna.
* Scileanna maithe ceannaireachta	* Réitíonn go maith le daoine eile, scileanna maithe idirphearsanta, freagraíonn do mholtaí agus cáineadh, freagrach.
* Ard-Spreagadh	* Ní mór dó/di a bheith ag baint rudaí amach, bíonn siad dírithe ar bhrabús, lorgaíonn siad sásamh pearsanta.
* Smaointeoireacht bhunaidh	* Nuáil, cruthaitheach, solúbtha, oscailteacht aigne, acmhainneach, ildána.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1996.

LC VP

Ar Aghaidh Leat

...le

Gníomhaíochtaí

Fiontraíochta

LC VP

Ag Beartú don Fhiontraíocht

Plean Pearsanta

Cuspóir:

* Tabhair isteach an smaoineamh go leagtar amach spriocanna agus go mbeartaítear don rath.
* Dírigh ar an tábhacht atá leis an mbeartú pearsanta mar scil saoil.

Acmhainní:

* Bileog 1: Conaireacha Beatha.
* Bileog 2: Anailís Orm Féin.
* An Fhiontraíocht a Chur i Láthair - Cuid 2.

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Cuir agallamh ar dhuine fásta ar dóigh leatsa go bhfuil ag éirí leo sa tsaol agus faigh a dtuairimí ar an tábhacht a bhaineann le leagan amach spriocanna agus le beartú roimh ré.
* Leag amach spriocanna agus ullmhaigh plean bliana don rang LCVP.
* Ceistigh mic léinn eile chun a fháil amach cén céatadán díobh a leagann amach cuspóirí agus a leagann amach pleananna dóibh féin.

Is annamh gur timpiste é an rath a bheith ar dhuine - toradh ar bheartú cáiréiseach a bhíonn ann. Leis an Aonad seo, léirítear do mhic léinn an gá a bhíonn le beartú gach lá den saol agus cuidítear leo spriocanna agus aidhmeanna pearsanta a leagan amach.

Is é is bun le plean pearsanta ná féachaint ar an áit a bhfuil tú anois, cinneadh a ghlacadh i dtaobh cén áit ar mhaith leat a bheith agus beartú ar phlean gníomhaíochta chun tú a thabhairt ann.

- Is féidir leat spriocanna a leagan amach do gach réimse de do shaol: do ghairm amach anseo, cúrsaí spóirt, cúrsaí staidéir, do mhuintir, srl.
- Ní mór do chuid spriocanna a bheith soiléir agus intomhaiste.
- Ní mór iad a bheith réadúil agus inbhainte amach, gan iad a bheith ró-dheacair ná ró-éasca.
- Ní mór scála ama a bheith ag baint le do chuid spriocanna - gan é, ní bheidh tú ábalta do chuid cuspóirí a mheasúnú.

**** Leag Amach Spriocanna!***
"Ní féidir leat sprioc a bhualadh nach ann di"

**** "Má tá sé uait, ní mór duit dul agus é a fháil"***

Gníomhaíocht:

* Tosnaigh an chaint ar bheartú trí sheisiún ‘machnamh os ard’ a sheoladh i measc na mac léinn e.g. na pleananna don deireadh seachtaine nó don saoire.

- Fiafraídís díobh féin: Cad is plean ann? Cén fáth gur chóir beartú roimh ré?
- Fiafraídís díobh féin: Cá bhfuilim anois? Cad iad na spriocanna atá agam don todhchaí? Cad iad na céimeanna is gá chun iad sin a bhaint amach? Úsáid Bileog 1.
- Iarr ar na mic léinn anailís a dhéanamh ar an áit a bhfuil siad anois agus spriocanna a leagan amach dóibh féin sa chomhthéacs sin don chuid eile den scoilbhliain. Úsáid Bileog 2.
- Déan measúnú ar an ngníomhaíocht tríd na haidhmeanna a rá athuair agus na mic léinn a spreagadh chun spriocanna a leagan amach agus beartú chun go n-éireoidh leo i réimsí cuí dá saol.
- Comhdaigh na Bileoga sa Chomhad Oibre.

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1997.

LC VP

Conair do Bheatha **Bileog 1**

Sa bhliain 1970, deineadh staidéar in ollscoil sna Stáit Aontaithe. Fuarthas amach go raibh 3% de mhic léinn na bliana deiridh a raibh spriocanna scríofa síos acu dóibh féin. Lean na taighdeoirí buíon na bliana sin agus deich mbliana ina dhiaidh sin rinneadar anailís ar conas a bhí ag éirí leo. Fuaireadar amach go raibh an 3% sin a raibh spriocanna scríofa acu níos saibhre ná an 97% eile agus go raibh caighdeán na beatha níos fearr acu!! Bíonn toradh ar na spriocanna scríofa!

Staidéar breise agus gairm i .....

Gairm i .....

BEALACH TIMPEALL ⇨

D'imíos ar an Meánscoil sa bhliain 19.....

D'imíos ar an mBunscoil sa bhliain 19.....

Rugadh mé .....

Le Déanamh Agat:
Cuir comharthaí isteach ar an gconair agus scríobh in aice leo.

Taispeáin teagmhais thábhachtacha, buanna, spéiseanna, díomá, gaisce, daoine, srl, le ■
Taispeáin aon am a ndearna tú (nó go bhfuil sé i gceist agat) spriocanna agus pleananna a leagan amach le •

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1997.

LC VP

Anailís Orm Féin **Bileog 2**

NA hÁBHAIR NIRT ATÁ AGAM:
NITHE ATÁ AR MO SHON FAOI LÁTHAIR.

AR SCOIL:	**LASMUIGH DEN SCOIL:**
.....	.....
.....	.....
.....	.....
.....	.....

NA hÁBHAIR LAIGE ATÁ AGAM:
NITHE ATÁ DOM CHOIMEÁD SIAR, ÁITEANNA A bhFÉADFAINN FEABHSÚ

AR SCOIL:	**LASMUIGH DEN SCOIL:**
.....	.....
.....	.....
.....	.....
.....	.....

DEISEANNA ATÁ AGAM:
NITHE ATÁ AR FÁIL DOM A bhFÉADFAINN IAD A ÚSÁID.

AR SCOIL:	**LASMUIGH DEN SCOIL:**
.....	.....
.....	.....
.....	.....
.....	.....

CINN OIBRE A dTABHARFAIDH MÉ FÚTHU.
NITHE A DHÉANFAIDH MÉ CHUN MO CHUID ÁBHAR NIRT A ÚSÁID AGUS CHUN DUL I nGLEIC LE MO CHUID LAIGÍ.

M'ÁBHAR NIRT A ÚSÁID:	**AG DUL I nGLEIC LE MO LAIGÍ:**
.....	.....
.....	.....
.....	.....
.....	.....

Féach an méid is féidir a dhéanamh!!
0-18 mí...d'fhoghlaimíos conas siúl...rinne mé iarracht...thiteas...rinne mé iarracht eile, thiteas ar m'aghaidh...d'fhoghlaimíos ón teip, d'athraíos, rinne mé iarracht eile agus sa deireadh

d'éirigh liom.
0-5 bliana...d'fhoghlaimíos conas labhairt, gan scáth ná náire...rinne mé iarracht arís, theip orm, bhí daoine ag gáire, ba chuma...d'athraíos, rinne mé iarracht eile agus sa deireadh d'éirigh liom.

* *"Is é an rath ná a bheith ag dul ó theip go teip le díograis" ... Winston Churchill.*

* *Creid ionat féin, glac freagracht, gníomhaigh agus beidh leat .... cuimhnigh gur "lucht aislinge iad na daoine go léir a n-éiríonn leo - ach ní éiríonn le gach duine ag a bhfuil aisling."*

©Buíon Gníomhaíochta L.C.V.P. 1997 le haitheantas do Bhord Fiontar Contae an Chábháin.

LC VP

Ag Beartú don Fhiontraíocht

Iniúchadh Scileanna

Cuspóir:

* Inis do na mic léinn faoi na réimsí scileanna atá ann.
* Cuir ar chumas na mac léinn na scileanna atá acu féin a aithint agus na réimsí scileanna ar gá dóibh feabhsú iontu a thuiscint.
* I gcás go bhfuil foirne bunaithe cheana féin, an bealach a réiteach le hagaidh cur síos scileanna a dhéanamh.

Acmhainní:

* Bileog 3: Cad iad na Scileanna atá Agatsa?
* Bileog 4: Cur Síos ar Scileanna Foirne.
* An Fhiontraíocht a Chur i Láthair - Cuid 2.

Cad é an Chéad Chéim Eile?

* Spreag smaointe i gcomhair gníomhaíochtaí fiontraíochta agus cuir iad sin leis na cuir síos ar scileanna foirne.
* Iarr ar fhoireann anailís shimplí staidrimh a dhéanamh ar scileanna bhuíon iomlán an ranga. Úsáid scarbhileog chuige seo.
* Eagraigh cuairteanna amach nó tabhair cuireadh isteach do chuairteoirí acmhainne chun scrúdú a dhéanamh ar na heasnaimh scileanna.

Úsáid na n-acmhainní agus na scileanna daonna atá ar fáil is bun leis an rath a bhíonn ar aon ghníomhaíocht fhiontraíoch. Is é an chéad chéim ná na hacmhainní agus na scileanna sin a aithint.

Seans nach eol do na mic léinn na scileanna atá acu, mar dhaoine aonair nó mar bhuíon. Leis an iniúchadh scileanna seo, cabhrófar leis na mic léinn a scileanna a aithint agus béim a chur freisin ar réimsí inar gá scileanna a fhorbairt.

Is féidir iniúchadh scileanna a úsáid freisin chun ullmhú don fhaisnéisiú tar éis na taithí oibre (Modúl na Taithí Oibre) agus chun scileanna a aithint a bheadh le béimniú sa churriculum vitae nó in agallaimh (Modúl an Ullmhúcháin don Obair).

Gníomhaíocht:

